

❖❖❖❖❖❖❖❖
An Lúibín
23 Mí na Lúnasa 2006



Anáil na hEorpa

The urbanisation and social diversification of Irish have been noted. How is this bound up with the European dimension?

An sna cathracha amháin is mó a gheofá an teanga seo feasta? Tá sean-nath déanta den tuairim sin ag *An Lúibín* agus ag daoine eile, agus ní cheal fianaise é. Ní hionann sin is a rá go bhfuil an teanga ag éirí níos galánta dá bharr, ós follasach go bhfuil baint ag gach aicme leis an scéal. Gheofá, mar shampla, gaelscoileanna i sráideanna loma agus i sráideanna leacanta araon, cé nach mór a admháil gur mó an gustal atá ag siúl leis an nGaeilge i mBaile Átha Cliath ná i lúb an phortaigh.

B'fhéidir, áfach, gur cheart Eorpú na Gaeilge seachas cathrú na Gaeilge a thabhairt ar a bhfuil ar siúl anois. D'aithneofaí mar sin gur as saol atá níos leithne ná Éire a d'eascair an misneach nua seo. Thug an tAontas Eorpach leis ina mhála roinnt rudaí an-áisiúla a bhain le beartas oifigiúil na n-éagsúlachta. D'fháiltigh na hÉireannaigh roimh na fordheontais agus na jabanna, ach chuir an tEorpachas nua suaitheadh intinne ag oibriú i roinnt acu, inní a bhain le cúrsaí cultúir. Rud é an Béarla atá idir bheannaithe agus mhallaithe: is breá an áis é, ach cár fhág tú an fhéiniúlacht? Chuidigh an míshuaimhneas sin le borradh na gaelscolaíochta, rud a thaispeáin gurbh fhéidir leis na hÉireannaigh é a bheith ina ghruth agus ina mheadhg acu.

Ní féidir gan samhailchomhartha a dhéanamh den Ghaeilge, cuma cén fheidhm phraisticiúil atá léi, agus tá a rian sin ar bheartas Eorpach an Rialtais – an bhratach chultúrtha a chur ar foluain. Ach chuaigh mothú an Eorpachais i bhfeidhm ar chúrsaí an bhaile freisin; ba ghá an teanga a dhéanamh suntasach i gcúrsaí poiblí, agus chuir an tAire tuarascálacha áirithe de chuid na gcomhlachtaí stáit á n-aistriú – beartas ar theip air beagnach cheal aistritheoirí.

Léirigh an easpa aistritheoirí (agus a lán rudaí eile) go raibh ag teip i gcónaí ar na gnáthscoileanna Gaeilgeoirí líofa a chruthú. Tosaíodh ag plé an scéil go forleathan agus go neamhbhalbh, cé gur loiceadh roimh na fadhbanna a fhuascailt ó bhonn. Ach taispeánann an díospóireachtaí teanga seo go gcuimhníonn daoine ar an nGaeilge anois mar chuid de shaol níos leithne: tá an Conradh féin á rá gur cóir an tríú teanga (Fraincis, Gearmáinis nó eile) a mhúineadh mar chuid den ghnáthchuraclam.

Ní raibh Gaeilgeoirí an tseansaol glas ar an Eoraip. Is ann a gheofá do dhóthain léinn, do dhóthain saighdiúireachta, do dhóthain diagachta. An Béarla a tháinig idir Éire agus an Eoraip, cé gur oscail sé dorais eile. Tá an Béarla ann go fóill, ach tá an Ghaeilge á cothú arís ag an tsibhialtacht ilchineálach achrannach Eorpach úd ar fhág na Gaeil féin a lorg uirthi fadó.



Scéalta an Chláir (1)

Many Irish came to Australia from Co. Clare when the Irish language was still strong there. The old were still speaking Irish in the 1940s when the scholar Nils Holmar came gathering their words. One of the stories he collected was 'The Bailiff and the Devil,' a tale well-known in medieval versions.

Ábhar iontais fós é go ndeachaigh Gaeltacht chomh láidir le Co. an Chláir i léig chomh tapa sin. Nuair a bhí Nils Holmar ag bailiú ábhair ann i ndaichidí an 20ú haois ní raibh an teanga ach ag na seandaoine, agus meirg tagtha ar a gcuidsean di. Sna blianta 1962 agus 1965 a tháinig *The Dialects of Co. Clare* amach. Sa chéad chuid den saothar phléigh Holmar tréithe na gcanúintí agus sa dara cuid d'fhoilsigh sé scéalta le fogharscríobh ina dteannta¹.

Cuid de Chúige Mumhan is ea Co. an Chláir, agus a rian sin ar an nGaeilge a bhíodh á labhairt i ndeisceart an chontae. Tháinig maolú ar an Muimhneachas sa tuaisceart, agus sa cheantar a bhí sa chríoch ag Co. Mhaigh Eo bhí meascán ceart le fáil.

Tógadh 'An Báille agus an Diabhal' ó insint Dhiarmada Uí Ghríofa sa bhliain 1946. Seo é an scéal céanna atá ag Chaucer sa 'Frere's Tale,' agus tá leagan Laidine le fáil sa chnuasach *Promptuarium Exemplorum* ón gcéad chuid den 15ú haois. Ní báille atá i gceist sa leagan sin ach cnópaire de dhlíodóir – *advocatus immisericors avarus*.

Tá lorg na canúna le haithint ar scéal an Ghríofaigh agus sainbhlas Muimhneach air – *bhíodar* (bhí siad), *chonaiceadar* (chonaic siad), *léithe* (léi), *leotha* (leo).

An Báille agus an Diabhal

Bhí báille ag gabháil² an bóthar lá le próiseas³ go dtí baintreach bocht⁴. Casadh an diabhal ar an mbóthar agus d'fhiafraigh sé ar an mbáille⁵ cá raibh sé ag dol⁶.

-Tá mé ag dol síos anseo le próiseas.

-Tá go maith, a dúirt an diabhal, beidh mé síos leat.

Bhíodar ag imeacht leotha agus chonaiceadar bean agus í ag rith i ndiúidh garsún⁷ chuig é a chur ar scoil. Níorbh fhéidir léithe breith air agus nuair a bhí sí tuirseach (ó) bheith ag rith air dúirt sí: Go dtóga an diabhal leis tú.

-Ná tabharfá leat an garsún? a dúirt an báille.

-Ni fhéadfainn, a dúirt an diabhal, mar ní rúirt⁸ sí óna croí amach é.

Bhuel, bhíodar ag imeacht leotha ansin agus chonaiceadar cráin mhúice ag réabadh carn fataí. Rith garsún isteach go dtína mháthair agus dúirt sé: Ó a mháthair, Ó a mháthair, a dúirt sé, tá an chráin ag réabadh na fataí⁹.

-Muisse, go dtóga an diabhal leis an chráin!

-Ná tabharfá leat an chráin sin? a dúirt an báille.

-Á, ní fhéadfainn, a dúirt an diabhal, ní rúirt sí óna croí amach é.

¹ *The Dialects of Co. Clare*, Todd Lecture Series, Volume XX, Part II, Royal Irish Academy, Dublin 1965.

² Fuaimniú: *góil*.

³ Éileamh ar chíos sa chás seo.

⁴ Bheadh súil agat le *baintreach bhocht*, ach déanann an scéalaí focal firinsneach de.

⁵ = den bháille.

⁶ = dul.

⁷ = i ndiaidh garsúin.

⁸ = ní dúirt

⁹ = ag réabadh na bhfataí. Féach nach *prátaí* a bhí acu sa chuid seo de Chúige Mumhan!

Tamall beag síos an bóthar bhí an báille ag gabháil isteach lena phróiseas go dtí an baintreach bocht¹⁰ agus rith garsún isteach roimhe.

-Ó a mháthair, Ó a mháthair, a dúirt sé, tá an báille ag teacht.

-Muise, go dtóga an diabhal leis an báille, a dúirt an bhean.

Chuir an diabhal a chrúcaí ann.

-Ó cad atá tú dol a dhéanamh? a dúirt an báille.

-Tabharfaidh mé tusa liom, a dúirt sé, mar dúirt sí óna croí amach é.

Agus is dóigh go rúirt.



Lochlannaigh Phort Láirge

A report on a talk by Dr Cathy Smith at the University of Melbourne earlier this month. The topic: the discovery and preservation of a Viking settlement near Waterford.

Tá seiminéir phoiblí an Léinn Éireannaigh ar siúl i gcónaí ag Ollscoil Mhelbourne, agus ar 8/8/06 chualamar an Dr Cathy Swift ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, ag caint faoi 'Marketing and Machinations: Saving a Newly-Discovered Viking Site at Woodstown, Co. Waterford'. Má sábháladh an láithreán (ar lucht tógála bóithre) is de bharr poiblíochta agus brú áitiúil é, agus bhí an cainteoir féin chun tosaigh sa chomhrac.

De thimpiste a tháinig ar an áit, agus b'fhollasach ó thús go raibh tábhacht léi, ach b'éigean do na gníomhaithe suim an phobail a mhúscailt. Sa bhliain 2003 a thosaigh an scéal. An fhorbairt a bhí ar siúl in áiteanna eile ag an am níor bhain mórán de le Port Láirge, ach le himeacht aimsire ba léir gur ghá cur leis na bóithre a bhí ag gabháil tríd. Chuaigh Údarás Náisiúnta na mBóithre (NRA) i gceann oibre agus baineadh trinsí taighde: tháinig ar iarsmaí Lochlannacha ag Woodstown, ceantar cois abhann atá tamall amach ón gcathair.

Bhí Donncha Ó Corráin, Ollamh le Stair Mheánaoiseach i gCorcaigh, orthu sin ba thúisce a tharraing aird ar thábhacht an láithreáin (cé nach seandálaí é); rinne mac léinn léiriú ar an láithreán le grianghrafanna aeir, agus fógraíodh gurbh é 'Pompeii na hÉireann' a bhí ann; bhí cruinniú ann agus tháinig seandálaithe á mhíniú nach mar a shíltear bítear.

Dúirt Cathy go raibh traidisiún ann go n-íocfaí as an tseandálaíocht le hairgead poiblí. Sna hochtóidí bhíodh seandálaithe ar conradh ag lucht forbartha, ach ní raibh súil ag daoine leis an méid tógála a thosaigh sna nóchaidí. Ba léir gur ghá láithreáin nua a chosaint, agus ritheadh Acht na Leachtanna Náisiúnta dá bharr.

Baineadh na ghnáththrinsí ag Woodstown, rinneadh scrúdú geofisiceach agus cuardaíodh glár na habhann. Dheimhnígh an dátú carbónach go raibh an láithreán chomh luath leis an 8ú haois. Faoin am seo bhí saineolaithe tagtha ón Iarsmalann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, agus ba ghearr ina dhiaidh sin gur thosaigh an callán faoin scrios a bhí á bhagairt ar áit lonnaithe Lochlannach a bhí níos sine ná láithreán cáiliúil Wood Quay i mBaile Áthe Cliath.

Bhí baint ag Cathy féin leis an bhfeachtas cosanta: bhí nuachtlitreacha acu, achainí á saighneáil agus eolas preasa á scaipeadh. Cuireadh in iúl do mhuintir na háite cé chomh tábhachtach is a bhí an láithreán i dtreo go mbeidís páirteach san fheachtas – beartas a raibh éifeacht ar leith leis. Is cinnte go ndeachaigh sin i bhfeidhm ar an TD áitiúil, fear a bhí ina Aire ag an am.

¹⁰ = an bhaintreach bocht: féach nóta 2.

Ní raibh aon easpa iarsmaí ar an áit: poill chuaillí, tinteáin, píosa bró, tairní, ornáidí gearrtha, agus uaigh laoiach – uaigh de shaghas atá gann sna bólaí sin, cé go bhféadfadh a leithéidí eile a bheith ann ach dul á lorg. Bhí fianaise ann go raibh adhmaadóireacht agus miotalóireacht ar siúl ann, agus d'fhéadfá a rá dá bharr go raibh trádáil ar siúl. Thángthas ar phailín cnáibe, rud a thabharfadh le tuiscint go raibh seolta nó téada á ndéanamh ann.

D'éirigh leis an lucht agóidíochta malairt treo a chur ar an mbóthar agus an láithreán a shábháil. Timpeall an ama chéanna bhí feachtas eile ar siúl i gcoinne bóthair a bhí le tógáil in aice le Teamhair. Ní raibh an rath céanna ar an bhfeachtas sin, agus b'fhéidir gurbh é feachtas Woodstown ba chiontach leis sin ar shlí - tarraingíodh aird an phobail agus na n-iriseoirí ar ar fhág na Lochlannaigh ina ndiaidh, agus chomh maith leis chuir an Chomhdháil Uiginneach a ladar sa mhias – buíon idirnáisiúnta scoláirí a thugann cuairt ar láithreáin a bhaineann leis na Lochlannaigh agus a bhí ag éileamh tochailt iomlán sa chás seo.

Rinne Cathy tagairt don bhaint atá ag an NRA le cúrsaí seandálaíochta. Ní mór an méid a chaitheann siad ar na cúrsaí sin ach tá tábhacht leis an airgead mar sin féin, agus cumhacht ag an NRA dá réir. Tá a rian sin ar an léargas a thugtar ar na láithreáin: is deacair don phobal aird a choinneáil ar an tochailt, agus bíonn blas fíorscoláiriúil ar na foilseacháin a thagann as – ní á chasadh leis na scoláirí féin é.

Níl ach cuid den láithreán nochta fós, cé go bhfuil na mílte rud bainte aníos agus iad ar taispeáint. Chuir Cathy an-bhéim ar a thábhachtaí a bhí sé tacaíocht an phobail a fháil agus feachtas den sórt seo ar siúl.

Tá breis eolais le fáil ar: www.vikingwaterford.com.



An Hindis sa bhaile

Hindi is the native tongue of half the population of India, and by degrees is acquiring the cachet of English, language of the elite. Now publishers are taking note.

Chuaigh *An Lúibín* ag póirseáil i gcartlann Lingua Franca, sárchlár raidió de chuid an Australian Broadcasting Corporation: www.abc.net.au/linguafranca/. I mí na Feabhra craoladh agallamh a rinne Jill Kitson, láithreoir an chláir, leis an Dr Harish Trivedi, Ollamh le Béarla ag Ollscoil Delhi, agus leis an bhfoilsitheoir Ravi Singh ó *Penguin Books*. Treisiú nádúrtha na Hindise ab ábhar don chaint, agus is iomaí Gaeilgeoir a chuirfeadh suim ann.

San India is é an Béarla teanga na meánaicme agus an teanga a úsáideann cuid de na scríbhneoirí is mó clú. Ach is í an hHindis teanga dhúchais leath an phobail – timpeall 500 milliún duine – agus tar éis í a bheith fágtha in áit na leathphingine tá sí ag teacht ar ais ar a seanléim: is mó go mór an méid iriseoireachta agus craoltóireachta a dhéantar i Hindis ná i mBéarla, agus anois tá *Penguin* féin i mbun foilsitheoireachta i dteangacha Indiacha.

Dúirt an Dr Harish Trivedi go raibh dhá thréimhse i stair iarchoilíneach na na Hindise san India. Dúirt na húdaráis ar dtús go mbeadh Hindis agus Béarla ar chomhchéim mar theangacha náisiúnta anuas go dtí an bhliain 1965; ansin rinne cuid de na Stáit agóid, go háirithe sa deisceart, toisc go raibh a gcuid teangacha féin acu agus nár mhian leo a bheith faoi bhois an chait ag na Hindiseoirí.

Rud eile ar fad a chuidigh leis an Hindis a chur chun cinn. Ar dtús is Béarla a bhí ag daoine gustalacha de chuid na meánaicme – dream a bhfuil timpeall 200 milliún duine acu ann faoi láthair - ach le himeacht aimsire tháinig cuid den ghustal sin i seilbh daoine oilte proifisiúnta a úsáideann teangacha Indiacha, go háirithe Hindis. I gcomparáid le teangacha áirithe eile – Malayalam, abair, nó Kannada – níl an oiread sin daoine in ann Hindis a léamh ná a scríobh,

ach tá an oiread sin Hindiseoirí ann mar sin féin go bhfuil tábhacht ar leith ag an 70% a bhfuil an cumas sin acu.

Leis an lucht ceannais is mó a bhaineann Béarla, ach is beag duine a déarfadh go bhfuil sí ag níos mó ná 10% den phobal. Le teanga Indiach a thógtar 95% díobh ar a laghad; an Béarla atá acu d'fhoghlaim siad mar theanga bhreise é. Bheadh ar chuid bheag acu sin formhór a gcuid oibre a dhéanamh trí Bhéarla, daoine a bhfuil postanna arda acu; bheadh roinnt Béarla ag an gcuid eile de réir na hoiliúna a fuair siad agus na hoibre atá acu. Tá 'Hinglis' ann, teanga mheasctha atá san fhaisean i measc na haicme seo agus a bhfuil a rian le haithint ar an bhfógraíocht.

Tá *Penguin* ag foilsiú leabhar i Hindis anois, agus is é an fáth atá leis sin an ceannach mór a d'fhéadfadh a bheith ar na leabhair sin. Tá foilsitheoirí móra Hindise ann agus an-rath ag teacht orthu le blianta beaga anuas, rud nár theip ar *Penguin* a thabhairt faoi deara. Níl ach clár beag Hindise ag *Penguin* go fóill ach tá siad ag faire na faille. Tá foilsitheoirí idirnáisiúnta eile ann – *Oxford India*, *Picador*, *Harper Collins* – agus iad ag cloí le Béarla i gcónaí.

Dúirt Ravi Singh go raibh fonn ar *Penguin* tabhairt faoi fhoilsitheoireacht Hindise le cúig nó sé de bhlianta ar a laghad; ar Bhéarla a bhí ainm na galántachta tráth, ach anois tá muinín nua ag an meánaicme i Hindis agus is í is rogha leo go minic. Tá sé d'aidhm ag *Penguin* liosta leabhar a bheith acu a mbeadh a leath scríofa i Hindis agus arbh aistriúcháin ó theangacha eile an fuilleach. Ba mhaith leo leabhair a fhoilsiú i Maharati agus i Malayalam freisin.

Tá *Penguin* i dul i gcomhar le *Yatra*, foilsitheoir Hindise agus Maharati a bhfuil baint acu leis an bhfondúireacht *Bharatiya Anuvaad Parishad*, dream a dhéanann speisialtacht de na haistriúcháin. Fágann seo go bhfuil fáil ag *Penguin* ar eagarthóirí an-chleachta.

Faoi láthair tá 25 teideal Hindise ag *Penguin*, agus an-cheannach ar ocht gcinn acu sa mhéid gur díoladh os cionn 2,000 cóip díobh – an meáncheannach atá ar leabhair Bhéarla.

Ní chaitheann foilsitheoirí Hindise mórán dúthrachta le cúrsaí díolacháin toisc go bhfaigheann siad an oiread sin tacaíochta ó institiúidí agus ó leabharlanna, agus dúirt Ravi Singh gur mhaith leis leabhair Hindise a scaipeadh chomh héifeachtach is a scaiptear leabhair Bhéarla.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun:
ColinG.Ryan@ato.gov.au.

Colin Ryan